Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13629/23

LIMITE

CLIMA 432
ENER 519
FIN 991
COMPET 936

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12791/2/23 REV 2 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais: Baineadh amach na spriocanna do 2020, ach is beag léiriú atá ann gur leor gníomhaíochtaí chun na spriocanna do 2030 a bhaint amach'<br>– Formheas |

1. An 26 Meitheamh 2023, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2023 dar teideal 'Spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais – Baineadh amach na spriocanna do 2020, ach is beag léiriú atá ann gur leor gníomhaíochtaí chun na spriocanna do 2030 a bhaint amach'[1].

2. An 19 Iúil 2023, thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an tuarascáil[2] a scrúdú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí[3].

3. Scrúdaigh na toscaireachtaí an tuarascáil ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil chomhaltaí na Meithle um an gComhshaol an 20 Iúil 2023 tar éis d'ionadaithe na Cúirte Iniúchóirí cur i láthair a dhéanamh ar phríomhthorthaí na tuarascála.

[1] IO C 227, 29.6.2023, lch. 12.
[2] 11550/23.
[3] 7515/00 + COR 1

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Meán Fómhair 2023, mheas an Mheitheal um an gComhshaol na dréachtchonclúidí ón gComhairle a d'ullmhaigh an Uachtaránacht[4]. Tar éis an chruinnithe sin, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal ar bhonn téacs athbhreithnithe[5]. Leagtar amach, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, an téacs mar a comhaontaíodh é.

5. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur faoi bhráid na Comhairle, lena bhformheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

PUBLIC

---

[4] 12791/1/23 REV 1.
[5] 12791/2/23 REV 2.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Spriocann aeráide agus fuinnimh an Aontais: Baineadh amach na spriocanna do 2020, ach is beag léiriú atá ann gur leor gníomhaíochtaí chun na spriocanna do 2030 a bhaint amach'**

**- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle -**

PUBLIC

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1]:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais – Baineadh amach na spriocanna do 2020, ach is beag léiriú atá ann gur leor gníomhaíochtaí chun na spriocanna do 2030 a bhaint amach'.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE conclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta, chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ina leith; MEABHRAÍTEAR DI gurb é an Coimisiún, de bhun na gConarthaí, an institiúid a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil anailís déanta ag an gCoimisiún ar thionchar phaindéim COVID-19 ar bhaint amach phríomhspriocanna fuinnimh agus aeráide 2020 agus gur chinn sé go raibh tionchar ag an laghdú ar thomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) le linn na paindéime ar bhaint amach foriomlán roinnt spriocanna do 2020; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an toradh, in ainneoin gur tháinig méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2021 óna leibhéal fíoríseal in 2020 mar gheall ar an bpaindéim, gur lean siad dá treocht anuas agus gur fhan siad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim; dá bhrí sin, cé go n-ADMHAÍONN SÍ tionchar na paindéime, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an méid a rannchuidíonn cur chun feidhme na mbeartas aeráide le sprioc 2020 a bhaint amach.

[1] 7515/00 + COR 1.

4. MEASANN SÍ go bhféadfadh úsáid an tuairiscithe atá ar fáil maidir le hastaíochtaí GCT chun astaíochtaí GCT in aghaidh an aonaid OTI agus *per capita* a thuairisciú agus a mheasúnú a bheith suimiúil faoi chuimsiú thuairisciú rialta an Choimisiúin ar dhul chun cinn; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, áfach, gur gá cuimhneamh ar an deacracht a bhaineann le tionchar na bhfachtóirí seachtracha a idirdhealú ó thionchair na mbeartas atá i bhfeidhm.

5. MEABHRAÍTEAR DI gur tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú le déanaí maidir leis an gcuid is mó den reachtaíocht faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', lena gcuirfear ar chumas an Aontais a sprioc a bhaint amach maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990; agus sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na hathbhreithnithe ar an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE), ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirtear comhar idir na Ballstáit chun cinn leis an bhféidearthacht leithdháiltí bliantúla astaíochtaí (AEA) a aistriú faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill agus go gcuirtear ar a gcumas a spriocanna GCT a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus sláine comhshaoil á caomhnú ag an am céanna; MEASANN SÍ gurb iomchuí go bhfágfaí faoi na Ballstáit praghas aistrithe AEA a chinneadh; MEABHRAÍTEAR DI, maidir leis na forálacha atá ann cheana i ndáil le trédhearcacht aistrithe AEA, ar cuireadh feabhas orthu le déanaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, go bhforáiltear *inter alia* leo d'fhaisnéis maidir le raon na bpraghsanna arna n-íoc in aghaidh an idirbhirt AEA, tar éis don Choimisiún iad a thiomsú in achoimre, a chur ar fáil i bhfoirm leictreonach agus a cheangal ar na Ballstáit an Coiste um Athrú Aeráide a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu AEAnna a aistriú do bhliain ar leith sula ndéanfar aon aistriú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tástáil a dhéanamh ar an bhféidearthacht faisnéis a chur ar fáil go poiblí faoi chainníochtaí agus faoi phraghsanna na n-aistrithe staidreamhacha fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite idir na Ballstáit, faoi réir thoiliú na mBallstát rannpháirteach.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as sonraí a bailíodh faoin Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha faoi 2026 chun cur le tuiscint níos fearr ar thionchar na trádála ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, mar chomhlánú ar a thuairisciú ar dhul chun cinn an Aontais i dtreo a sprice aeráide do 2030.

8. AONTAÍONN SÍ nach mór d'earnálacha na heitlíochta agus an iompair mhuirí rannchuidiú le cuspóirí aeráide méadaithe an Aontais agus le cuspóirí Chomhaontú Pháras; MEABHRAÍTEAR DI go gcumhdaítear eitlíocht idirnáisiúnta laistigh den Eoraip faoi láthair le CTA AE agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an leasú a rinneadh le déanaí ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí chun muiriompar idirnáisiúnta a áireamh laistigh dá raon feidhme; TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an nasc idir cumhdach an dá earnáil amach anseo agus forbairtí laistigh de na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha (ICAO agus IMO).

9. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoin Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide i gcomhthéacs dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 an Aontais a áirithiú; SPREAGANN SÍ an dea-chomhar leanúnach idir an Coimisiún agus na Ballstáit sa chreat sin.

PUBLIC